Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9160/24**

**ECOFIN 491**
**SOC 316**
**BUDGET 31**
**STATIS 59**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9159/24 |
| Ábhar: | Na dúshláin i leith na hinbhuanaitheachta fioscaí a eascraíonn as an aosú – Conclúidí ón gComhairle (an 14 Bealtaine 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis na dúshláin i leith na hinbhuanaitheachta fioscaí a eascraíonn as an aosú, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 4023ú cruinniú dá chuid an 14 Bealtaine 2024.

**CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LEIS NA DÚSHLÁIN I LEITH NA HINBHUANAITHEACHTA FIOSCAÍ A EASCRAÍONN AS AN AOSÚ**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. AITHNÍONN SÍ go bhfuiltear ag tuar go dtiocfaidh laghdú ar dhaonra an Aontais sna blianta atá amach romhainn. Tá sochaithe ag dul in aois, de réir mar a théann líon na ndaoine in aois oibre i laghad go mór, in éineacht le méadú ar líon na ndaoine scothaosta. TUGANN SÍ DÁ hAIRE forbairtí ilchineálacha ar fud na mBallstát, lena n-áirítear an méadú a thuartar a thiocfaidh ar an daonra i roinnt Ballstát, cé go meastar go mbainfidh an t-aosú leis na Ballstáit go léir go pointe áirithe.

2. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur dúshlán mór é aosú an daonra d’inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí, ar dúshlán é atá níos measa mar gheall ar chóimheasa arda fiachais phoiblí i roinnt Ballstát, moilliú ar an bhfás a d’fhéadfadh a bheith ann, agus éiginnteacht dhomhanda ag cur as don ionchas eacnamaíoch. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi ar cheart straitéis an bheartais fhioscaigh a bheith dírithe ar inbhuanaitheacht fhioscach a neartú, maoláin fhioscacha a atógáil, fás inbhuanaithe níos airde a bhaint amach agus dlús a chur le hathléimneacht an Aontais i leith na ndúshlán a bheidh ann amach anseo.

3. FORMHUINÍONN sí réamh-mheastacháin eacnamaíocha agus bhuiséadacha Thuarascáil 2024 ar an Aosú do Bhallstáit an Aontais (2022–2070), a d’ullmhaigh an Coiste um Beartas Eacnamaíoch (agus an Mheitheal um Aosú a bhaineann leis) agus seirbhísí an Choimisiúin ar bhonn modheolaíochtaí agus toimhdí a comhaontaíodh go comhchoiteann. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, i gcomhréir le heagráin a eisíodh roimhe seo, go gcumhdaítear leis na toimhdí atá i dTuarascáil 2024 ar an Aosú an caiteachas poiblí ar an tseanaois (pinsin, cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus oideachas).

4. LEAGANN SÍ BÉIM AR phríomhthorthaí Thuarascáil 2024 maidir le hAosú:

a) Tuartar go dtiocfaidh méadú mór ar an gcóimheas cleithiúnais seanaoise san Aontas san fhadtéarma: cé go bhfuil triúr in aois oibre ann faoi láthair in aghaidh gach duine os cionn 65 bliana d'aois, beidh níos lú ná beirt ann faoi 2070. Is í glúin an bhabaíbhorrtha a bhainfidh aois scoir amach sna blianta atá le teacht. Thairis sin, cuireann méaduithe leanúnacha ar an ionchas saoil le sciar méadaitheach daoine atá ar scor, agus i bhfianaise difríocht shuntasach idir aoiseanna scoir reachtúla agus iarbhír i roinnt mhaith Ballstát. Tá rátaí torthúlachta fós i bhfad faoi bhun an ráta athsholáthair nádúrtha agus meastar nach leor méadú ar rannpháirtíocht an lucht saothair agus glansreafaí imirce dearfacha chun an laghdú foriomlán ar an daonra atá in aois oibre a chúiteamh.

b) Mar gheall ar an meath a mheastar a thiocfaidh ar an lucht saothair, is í an táirgiúlacht amháin a chuirfidh le fás ionchasach OTI san fhadtéarma. San Aontas ina iomláine, táthar ag tuar go mbeidh meánráta fáis féideartha bliantúil OTI 1.3 % i gceist le linn na tréimhse 2022 go dtí 2070.

c) De réir na dtoimhdí bonnlíne a bhaineann leis, táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú ar an gcaiteachas poiblí iomlán ar an tseanaois ó 24.4 % de OTI in 2022 go 25.6 % de OTI faoi 2070 i gcás comhiomlán an Aontais, agus go dtarlóidh formhór an mhéadaithe sin faoi 2045 agus go mbeidh sé ag cobhsú ansin tríd is tríd, go háirithe tar éis na bunfhorbartha déimeagrafaí. Mar sin féin, tá éagsúlacht mhór sna réamh-mheastacháin sin ar fud na mBallstát, agus meastar go mbeidh méadú os cionn mheán an Aontais i gceist i gcás 17 mBallstát. I naoi mBallstát, táthar ag tuar go mbeidh an caiteachas iomlán ar an tseanaois os cionn mheán an Aontais faoi 2070. Cuireann méadú nach mór uilechoiteann ar fud na hEorpa ar chaiteachas ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach leis an méadú réamh-mheasta. Meastar freisin go dtiocfaidh méadú ar an gcaiteachas ar phinsin i bhformhór na mBallstát. Maolaíonn cóimheasa sochair laghdaitheacha i roinnt mhaith Ballstát an méadú foriomlán.

d) Chun an méid suntasach éiginnteachta a bhaineann leis an tréimhse fhada réamh-mheasta a chur san áireamh, áirítear roinnt cásanna malartacha i dTuarascáil 2024 ar an Aosú. Go háirithe, chuirfeadh cóimheasa sochair chobhsaíochta brú mór aníos ar an gcaiteachas ar phinsin i roinnt Ballstát. Thairis sin, bheadh fás OTI nach mbeadh chomh dinimiciúil céanna i gceist le ráta fáis táirgiúlachta níos ísle, rud a mhéadódh an sciar den chaiteachas ar an tseanaois i gcoibhneas le OTI. Ina theannta sin, bíonn brú i bhfad níos airde ar an gcaiteachas poiblí mar thoradh ar chás riosca maidir le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, agus tosca neamh-dhéimeagrafacha a bhaineann le dul chun cinn teicneolaíoch agus cóineasú aníos ar an gcostas agus ar an gcumhdach á gcur san áireamh. I gcás fhormhór na mBallstát, léirítear leis na cásanna sin go bhféadfadh caiteachas poiblí ar an tseanaois éirí i bhfad níos airde ná mar a réamh-mheastar faoin mbonnlíne. Os a choinne sin, bheadh ualach coibhneasta níos ísle ar an airgeadas poiblí mar thoradh ar fhorbairtí eacnamaíocha nó déimeagrafacha a bheadh níos dearfaí.

5. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá tuilleadh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí eacnamaíocha agus buiséadacha a bhaineann leis an aosú, lena n-áirítear trí airgeadas stuama poiblí a ghlacadh, táirgiúlacht a mhéadú chomh maith le rannpháirtíocht agus rátaí fostaíochta, agus córais pinsean, cúraim sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh a chur in oiriúint do na dúshláin sin. IARRANN SÍ ar na Ballstáit na moltaí gaolmhara tírshonracha maidir leis an Seimeastar Eorpach a chur chun feidhme, lena n-áirítear i gcomhthéacs na Saoráide Téarnamh agus Athléimneachta.

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur rannchuidigh athchóirithe pinsin le deich mbliana anuas, i roinnt tíortha, le dinimic an chaiteachais phoiblí a shrianadh, le haoiseanna scoir iarbhír a mhéadú agus le taobh an ioncaim de chórais na bpinsean a neartú. LEAGANN SÍ BÉIM AR an tábhacht a bhaineann le dearcadh iomlánaíoch beartais, lena gcuirtear inbhuanaitheacht airgeadais agus leordhóthanacht shóisialta na gcóras pinsean araon san áireamh. I ndáil leis an méid sin, déantar comhlánú ar Thuarascáil 2024 ar an Aosú le Tuarascáil 2024 maidir le Leordhóthanacht na bPinsean atá ar na bacáin. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi ar gá do na Ballstáit bearta breise a dhéanamh ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear an aois scoir iarbhír a ardú agus gnéithe inbhuanaitheachta i gcóras na bpinsean a neartú. LEAGANN SÍ BÉIM ar an gcaoi a gcuirtear feabhas suntasach ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí i réamh-mheastacháin na Tuarascála maidir leis an Aosú tríd an aois scoir a nascadh leis an ionchas saoil. IARRANN SÍ ar na Ballstáit gan athchóirithe feabhsaithe inbhuanaitheachta atá glactha cheana féin a aisiompú.

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI go gcuirtear san áireamh san athchóiriú ar an gcreat rialachais eacnamaíoch, agus é dírithe ar an bhfiachas poiblí a chur ar chonair inbhuanaithe, réamh-mheastacháin chostais maidir leis an aosú i bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha na mBallstát agus go méadaítear a n-ábharthacht maidir leis an bhfaireachas fioscach. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún torthaí Thuarascáil 2024 ar an Aosú a áireamh i réimsí ábhartha chomhordú an bheartais eacnamaíoch agus fhioscaigh san Aontas.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI go leanann Eurostat de na réamh-mheastacháin daonra a chur ar fáil go tráthúil agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá na malartuithe leis na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh i ndáil leis sin, agus lánurraim á tabhairt dá neamhspleáchas siúd agus do neamhspleáchas Eurostat.

9. IARRANN SÍ ar an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch agus ar an gCoimisiún nuashonrú a dhéanamh, ar bhonn réamh-mheastacháin nua daonra a chuirfidh Eurostat ar fáil tráth nach déanaí ná Márta 2026, ar a anailís ar na himpleachtaí eacnamaíocha agus buiséadacha atá ag an aosú faoin samhradh 2027.